# DJ Carey

Eochairfhocail: breitheamh, coireanna, iarlaoch, tréimhse príosúnachta, breithiúnas

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1.Cén tréimhse príosúnachta a gearradh ar DJ Carey an tseachtain seo caite? cúig bliana go leith
2.Cén fáth a ndúirt sé le daoine go raibh airgead ag teastáil uaidh? do chóir leighis
3.Cé mhéad a thug an fear gnó Denis O'Brien dó? 125,000 Euro
4.Cén fhoireann lenar imir sé iománaíocht idirchontae? Cill Chainnigh
5.Cén galar mar dhea a bhí air? ailse
6.Cén cur síos a thug an breitheamh ar choireanna DJ Carey? ní fhéadfadh sé coireanna níos gránna nó níos náirí a shamhlú
7.Cén bhliain ar rugadh DJ Carey? 1970
8.Cén mórghradam pearsanta a bhuaigh sé sa bhliain 2000? iománaí na bliana
9.Cad a rinne sé sa bhliain 1998? d'éirigh sé as an iománaíocht idirchontae ar feadh scathaimh
10. Cad a rinne Banc na hÉireann sa bhliain 2011?

# DJ Carey

11.Cén chúis a cuireadh i leith DJ Carey sa bhliain 2023?
12. Conas a mhothaíonn na daoine a thug airgead dó thar na blianta anois agus príosúnacht chúig go leith bliana gearrtha ar DJ Carey, dar le hEmer Ní Bhraonáin?

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Léamhthuiscint

Freagair na ceisteanna a ghabhann leis an léamhthuiscint seo.

Sáriománaí leis na Cait ar feadh na mblianta fada a bhí in DJ Carey. Bhí a chumas san iománaíocht ríshoiléir do gach éinne ó aois an-óg ar fad. Go deimhin, bhí Carey fós ar scoil nuair a roghnaíodh é le himirt le foireann sinsir Chill Chainnigh ag deireadh na n-ochtóidí. Bhuaigh Carey an t-uafás gradam pearsanta agus foirne le linn dó a bheith ag imirt le Cill Chainnigh. Scaip cáil DJ i bhfad is i gcéin. Bhí aithne fhorleathan in Éirinn air fiú amháin i measc daoine nár spéis leo na cluichí Gaelacha. D'éirigh sé as an imirt idirchontae sa bhliain 2005 ach lean sé ar aghaidh ag imirt lena chlub, Gabhrán, ar feadh blianta fada eile. Duine de na hiománaithe ab fhearr riamh i stair an chluiche ba ea DJ Carey.

# DJ Carey

Ceisteanna Gramadaí:

1.Aimsigh sampla amháin den tuiseal ginideach iolra ón sliocht. na mblianta, na n-ochtóidí, gradam, daoine, blianta
2.Aimsigh sampla amháin den ainmfhocal san uimhir iolra ón sliocht. cait, cluichí, iománaithe
3.Aimsigh sampla amháin de réamhfhocal ón sliocht. do, in, san, ó, le, ag, i, sa
4.Aimsigh sampla amháin den tuiseal ginideach uatha ón sliocht. stair an chluiche, foireann sinsir Chill Chainnigh
5.Aimsigh sampla amháin de bhriathar san aimsir chaite ón sliocht. bhí, roghnaíodh, bhuaigh, scaip, d'éirigh, lean

Gníomhaíocht Labhartha

Ag obair le do pháirtí ranga cum comhrá samhailteach idir iriseoir agus DJ Carey. Cad iad na cineálacha ceisteanna a chuirfeadh iriseoir ar Carey? Cad iad ansin na freagraí a bheadh ag Carey ar cheisteanna an iriseora? Is leor cúig cheist agus cúig fhreagra shamhailteacha sa phlé.

# Freagraí

1. Cúig bliana go leith
2. Do chóir leighis
3. 125,000 Euro
4. Cill Chainnigh
5. Ailse
6. 1970
8. Iománaí na bliana
9. D'éirigh sé as an iománaíocht idirchontae ar feadh scathaimh
10. Thóg siad breithiúnas i gcoinne DJ Carey
11. Daoine a mhealladh agus airgead a bhaint díobh go calaoiseach
12. Tá faoiseamh orthu

